

**Eolas Ginearálta maidir le
Conarthaí Téarma Socraithe/Conarthaí Cuspóir Sonraithe**

**Nóta Treorach CBBC [CPSMA]
(Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha)]**

Tháinig roinnt mhaith glaonna chuig CBBC [CPSMA] maidir le múinteoirí téarma shocraithe/sealadacha le linn na scoilbhliana seo caite. Seo a leanas, tar éis taighde fhada, díospóireachtaí agus comhairle dlí, an treoir do Bhoird Bhainistíochta

Nóta ginearálta is ea an nóta treorach seo. Toisc nach ionann gach cás, ní mór do Bhoird Bainistíochta comhairle dlí a lorg nuair is gá.

**Eolas Ginearálta maidir le
Conarthaí Téarma Shocraithe/Conarthaí Cuspóra Shonraithe**

- 1.00 Úsáidtear an frása Fostaí Téarma Shocraithe chun cur síos a dhéanamh orthu siúd a fhostaítear ar bhonn sealadach ar thréimhse shocraithe, ar chuspóir sonraithe nó chun tasc sonracha a chur i gcrích. Is ceart conarthaí téarma shocraithe a úsáid do mhúinteoirí a fhostaítear ar bhonn sealadach agus do mhúinteoirí a bhíonn ag déanamh ionadaíochta.
- 1.01 Ceapadh an Reachtaíocht um Dhífhostú Éagórach chun cosaint a thabhairt d'Fhostaithe in aghaidh dífhostaithe éagóraigh. Glactar leis go mbíonn gach dífhostú éagórach. Má dhéantar éileamh dífhostaithe éagóraigh, ní mór don Fhostóir (i.e. an BB [Bord Bainistíochta]) a dheimhniú don Chúirt gur dífhostú cóir a bhí ann. Ní fheidhmeoidh an reachtaíocht um Dhífhostú Éagórach, seachas cúpla eisceacht, ach d'fhostaithe a mbíonn 52 seachtain de sheirbhís leantach curtha i gcrích acu.
- 1.02. Féadfaidh duine a bhíonn ag dul i gconradh téarma shocraithe aontú leis an bhfostóir nach bhfeidhmeoidh an reachtaíocht um dhífhostú éagórach nuair nach bhfuil ina chúis dífhostaithe ach dul in éag thréimhse an téarma shocraithe nó gan cúis an téarma shocraithe a bheith ann a thuilleadh². Tugtar 'clásal tarscaoilte' ar chlásal dá leithéid sa chonradh téarma shocraithe. Toisc go maolaíonn an clásal tarscaoilte seo cosaint an fhostaí, bíonn riachtanais shonracha i gceist maidir lena mbíonn i gconradh téarma shocraithe ionas go mbíonn an conradh bailí agus go bhfeidhmeoidh an tarscaoileadh.
- 1.03. Tá an reachtaíocht um Dhífhostú Éagórach agus um Théarma Socraithe i bhfeidhm chun a chinntiú nach mbíonn mí-úsáid i ndeonú conarthaí téarma shocraithe i gceist, agus go háirithe a n-athnuachan (e.g. nach leanann an BB [Bord Bainistíochta] ag eisiúint conarthaí téarma shocraithe d'fhonn tabhairt poist sheasta a sheachaint). Má théitear sa dara conradh téarma shocraithe nó conradh

leantach eile agus é mar aidhm nó cuid d'aidhm cosc a chur ar an bhfostaí dul i muinín reachtaíocht um Dhífhostú Éagórach (e.g. cosc a chur ar fhostaí 52 seachtain de sheirbhís leanúnach a fháil) féadfaidh Cúirt a rialú go bhfeidhmíonn an reachtaíocht um Dhífhostú Éagórach cé nach bhfeidhmíonn de réir an chonartha.

Conarthaí tréimhse éiginnte

- 1.04 Tá conradh tréimhse éiginnte (CTÉ) cosúil le conradh seasta.

Cathain is ceart conradh téarma shocraithe a úsáid?

- 2.00 Moltar conradh téarma shocraithe a úsáid má bhíonn múinteoir fostaithe ar bhonn sealadach mar ionadaí do mhúinteoir a bhíonn

- gafa i socrú jabroinnte
- ar sos gairme
- ar iasacht
- ar seirbhís thar lear

Ní ceadmhach tréimhse an chonaradh téarma shocraithe a bheith níos faide ná an tréimhse saoire tugtha don mhúinteoir a mbíonn a (h)ionad á ghabháil.

Cathain is ceart conradh cuspóra shonraithe a úsáid?

- 3.00 Úsáidtear conradh cuspóra shonraithe nuair a fhostaítear múinteoir in ionad (lena n-áirítear ionadaíocht) múinteora eile agus é/í ar

- saoire chúramóra
- saoire mháithreachais
- saoire uchtála
- saoire bhreuiteachta
- saoire thuismitheoirí
- saoire scrúduithe
- saoire neamhláithreachta gan phá
- seirbhís ghiúiré
- saoire sláinte agus sábháilteachta
- saoire phearsanta
- saoire tar éis a bheith tofa mar Theachta Dála/Sheanadóir
- saoire agus é/í ina (h)iarrthóir olltoghcháin

- 3.01 Úsáidtear conradh cuspóra shonraithe seachas conradh téarma shocraithe sna himthosca thuasluaite toisc nach mbíonn dáta deireanach an chonartha ar eolas nó deimhneach.

Gá le conradh i scríbhinn

4.00 Is gá conradh i scríbhinn a bheith ag gach múinteoir sealadach/téarma shocraithe (lena n-áirítear múinteoir páirtaimseartha, téarma shocraithe) a fhostaíonn an BB ar feadh tréimhse míosa no níos faide de sheirbhís leanúnach. (Tá conarthaí teimpléadacha téarma shocraithe agus cuspóra shonraithe ar fáil ar www.cpsma.ie). Ní mór an conradh a bheith sínithe ag an mBB agus ag an bhfostaí araon.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith luaite sa chonradh agus tugtha go sonrach d'aire an mhúinteora shealadaigh/téarma shocraithe:-

- nach bhfeidhmeoidh forálacha an Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 mar atá leasaithe nuair nach bhfuil ina chúis dífhostaithe ach gur éag tréimhse an chonartha
- go bhféadfar an conradh a fhoirceannadh de réir an Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta arna leasú, e.g. féadtar an conradh a fhoirceannadh iar bhfógra seachtaine amháin nuair a bhíonn fostaí fostaithe níos lú ná 2 bhliain. Má dhéantar conradh téarma shocraithe a fhoirceannadh iar bhfógra ar chúis nach dul in éag an téarma shocraithe nó críoch an chuspóra shonraithe, féadfaidh an fostaí agóid a dhéanamh in aghaidh an dífhostaithe³.
- gur ceart na forais oibiachtúla i dtaobh conradh téarma shocraithe seachas conradh ar thréimhse éiginnte a thabhairt a lua e.g. fostaítear an múinteoir sealadach/téarma shocraithe chun dul in ionad fostaí ar saoire údaraithe nach féidir a p(h)ost a líonadh ar bhonn seasta. Feic pointí 2 & 3 thuas.

Nóta: Go bunúsach, nuair nach mbíonn an oibleagáid i gceist, i gcomhthéacs **an chéad** chonradh ar théarma socraithe, an fostaí a chur ar an eolas i scríbhinn faoi na forais oibiachtúla ag dlisteanú conradh téarma shocraithe agus an chúis nach féidir conradh ar thréimhse éiginnte a thairiscint, moltar go láidir fiú i gcás an chéad chonradh téarma shocraithe, go gcuirtear a leithéid d'eolas ar fáil.

Dáta foirceanta conradh téarma shocraithe

5.00 **Conarthaí téarma shocraithe ag tosú ar nó roimh an gcéad lá oibre de Mhí na Samhna:**

Má thosaíonn conradh téarma shocraithe ar nó roimh an gcéad lá oibre de Mhí na Samhna, féadfaidh an conradh leanúint go dtí an lá roimh thús na scoilbhliana dá éis i.e. an lá i Lúnasa/Meán Fómhair roimh dháta athoscailte na scoilbhliana ina dhiaidh sin toisc go mbíonn an múinteoir i dteideal íocaíochta le haghaidh laethanta saoire an tsamhraidh.

Conarthaí téarma shocraithe ag tosú i ndiaidh an chéad lá oibre de Mhí na Samhna:

Má thosaíonn conradh téarma shocraithe i ndiaidh an chéad lá oibre de Mhí na Samhna, is ceart go gcríochnódh an conradh téarma shocraithe ar an lá scoile

deireanach i Meitheamh ionas nach mbeidh ar an mBB an múinteoir a íoc (as a gcistí dílse) i Mí Iúil agus Lúnasa.

Is cinnte go bhféadfaidh conradh críochnú níos luaithe ná an lá scoile deireanach i Meitheamh má éagann tréimhse/cúis an chonradh téarma shocraithe níos luaithe ná an dáta sin agus go raibh seo luaite sa chonradh.

Fostaithe téarma shocraithe a choinneáil

- 6.00 Is féidir fostaithe téarma shocraithe a choinneáil i gceachtar de dhá shlí:
- (i) trí tréimhse an chonartha a fhadú trí chomhaontú i litir athnuachana (feic 7.00 thíos).
- nó**
- (ii) trí conradh téarma shocraithe breise nó comhleantach a dhéanamh (feic 7.01 thíos).
- 6.01 Rialaíodh san Ard-Chúirt nach bhfuil sé de cheart ag fostaí téarma shocraithe conradh téarma shocraithe breise/comhleantach a dhéanamh. Ní mór a bheith aireach, áfach. Má rialaíonn Cúirt go ndearnadh an dara conradh téarma shocraithe nó conradh dá éis d'aon ghnó **nó d'aon chuid de ghnó** chun dliteanas faoin Acht um Dhífhostú Éagórach a sheachaint seachas ar fhorais oibiachúla (e.g. tá post buan seachas sealadach ag an mBB), ansin ní gá go bhfeidhmeoidh an clásal tarscaoilte agus féadfaidh an fostaí agóid a dhéanamh in aghaidh a d(h)ífhostaithe faoin Acht. Ar an gcúis seo, nuair a theastaíonn ón mBB fostaí téarma shocraithe a choinneáil chun an obair chéanna nó obair chomhchosúil a dhéanamh, moltar go ndéanfaí an conradh a athnuachan, nuair is féidir, de réir rannóg 7.00 thíos trí tréimhse an chéad chonradh a fhadú trí chomhaontú.

Tréimhse an chonartha a fhadú trí chomhaontú

- 7.00 Nuair a bhíonn conradh téarma shocraithe á fhadú, is gá litir athnuachana a thabhairt don fhostaí ar nó roimh an dáta sínidh agus na forais oibiachtúla a shonrú ag dlisteanú an tsínidh **agus** na forais nár tairiscíodh conradh téarma éiginnte. (Tá litir theimpléadach athnuachana ar fáil ar www.cpsma.ie). Mar sin nuair a bhíonn fostaí téarma shocraithe á choinneáil trí fhadú thréimhse an chonartha is ceart gurb é seasamh an BB ná go bhfanfaidh an fostaí i bhfostaíocht faoin mbunchonradh téarma shocraithe ach am breise comhaontaithe a bheith i gceist agus téarmaí uile an chonartha lena n-áirítear an clásal tarscaoilte a bheith slán⁴.

Conarthaí Téarma Shocraithe Breise/Comhleantacha

7.01 Má bhítear ag déanamh athnuachana ar chonradh tríd an dara conradh téarma shocraithe nó conradh dá éis is gá an conradh scríofa a bheith in ionad ar dháta na hathnuachana ar a dhéanaí agus iad seo a leanas a chur ar fáil:

- na forais oibiachtúla a sheasann leis an gconradh téarma shocraithe breise agus
- na forais nár ofráladh conradh téarma éiginnte.

Conarthaí téarma shonraithe a fhoirceannadh

8.00 **Bliain a haon:**

Nuair a bhíonn múinteoir téarma shocraithe fostaithe ar chonradh ar feadh bliana amháin nó níos lú féadfaidh an BB cinneadh a dhéanamh **díreach** gan conradh breise a thairiscint don mhúinteoir gan a thuilleadh breithnithe, ar an tuiscint gur dréachtadh an conradh go bailí le clásal iomchuí ag lua nach bhfeidhmeoidh na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach de réir mar atá leagtha amach thuas. Má rinneadh an conradh téarma shocraithe a fhoirceannadh ar chúis eile seachas dul in éag don téarma socraithe nó críoch an chuspóra shonraithe, féadfaidh an fostaí agóid in aghaidh an dífhostaithe.

Dara bliain nó blianta comhleantacha

- Nuair a bhíonn an dara conradh téarma shocraithe nó conradh dá éis faoina ndeachthas ar fhorais oibiachtúla le clásal tarscaoilte dlisteanach ar tagraíodh dó thuas, agus chun nach gcuirfí cosc ar an bhfostaí feidhm a bhaint as reachtaíocht Dhífhostaithe Éagóraigh [e.g. gan cosc a chur ar an bhfostaí seirbhís leanúnach 52 seachtain a fháil] is ceart go gcríochnódh an conradh ar an dáta éagtha mar atá sa chonradh nó toisc go mbíonn deireadh tagtha leis an gcuspoir sonraithe.
- Nuair a bhíonn roinnt múinteoirí gafa ar an dara conradh nó ar chonarthaí comhleantacha ag an mBB ach go mbíonn níos lú post téarma shocraithe aige an bhliain dar gcionn, b'fhéidir go gcinneadh an BB cuid de na múinteoirí a choinneáil ach gan cuid eile a choinneáil. Níl cinneadh dlíthiúil cinntitheach ann maidir le cearta múinteoirí téarma shocraithe sa chás seo fanacht i bhfostaíocht nuair a bhíonn folúntais i bpoist théarma shocraithe fós sa scoil.

Ná ceart go mbeadh na múinteoirí nach mbíonn á gcoinneáil i dteideal cúis dhífhostaithe éagóraigh in aghaidh an BB faoin reachtaíocht Dhífhostaithe Éagóraigh má bhíonn na riachtanais atá leagtha amach thuas maidir le conarthaí curtha i bhfeidhm. Is ceart an cúinse céanna a bheith i bhfeidhm nuair a bhíonn an líon céanna post téarma shocraithe ar fáil ag an mBB an bhliain dar gcionn ach go gcinneann (an BB) gan cuid de na múinteoirí téarma shocraithe a choinneáil⁵.

Teidlíocht i leith Conradh Téarma Éiginnte:

- 9.00 Féadfaidh fostaí a bheith i dteideal conradh tréimhse éiginnte, tar éis a bheith fostaithe ar feadh tréimhse ama áirithe (4 bliana de ghnáth).
D'fhéadfadh deonú conartha ar thréimhse éiginnte ar fhostaí a bheith mar thoradh ar gan na riachtanais atá leagtha amach thuas maidir le conarthaí a chomhlíonadh.

Agallaimh

- 10.00 Ní agallaimh a chur ar mhúinteoirí téarma shocraithe an mheicníocht iomchuí chun cinneadh/roghnú a dhéanamh ar cén múinteoir/í ar a dtairgfear fadú ar thréimhse an bhunchonradh téarma shocraithe nó conradh/conarthaí téarma shocraithe breise.

-
1. Gabhann an nóta treorach seo in ionad an chomhaontaithe roimhe seo ar leathanaigh 134 ff de Lámhleabhar CPSMA 2007.
 2. Sainmhínítear dífhostú sa reachtaíocht lena n-áirítear “dul as feidhm do chonradh fostaíochta ar théarma socraithe gan é a athnuachan faoin gconradh céanna nó, foirceannadh an chuspóra i gcás conartha ar chuspóir shonraithe (toisc é a bheith ina chuspóir den sórt sin go raibh tréimhse an chonartha teoranta ach a bhí, ag am a dhéanta, neamhábalta ar fhionnadh cruinn)”.
 3. Ma dhéantar conradh téarma shocraithe a fhoirceannadh iar bhfógra ar chúis ar bith seachas dul as feidhm an téarma shocraithe nó críochnú an chuspóra shocraithe, féadfaidh an fostaí agóid in aghaidh an dífhostaithe.
 4. Dealraíonn sé go nglactar leis seo sa Ríocht Aontaithe faoi reachtaíocht chomhchosúil, ach caithfidh cúirteanna na hÉireann an pointe sonrach a chinneadh fós.
 5. Is réimse an-teicniúil dlí í seo agus cé go dtugann foclaíocht na reachtaíochta le fios nach ceart go gcoífeadh lena leithéid d'éileamh, ní mór fanacht ar chinntí ábhartha ón mBinse Achomhairc Fostaíochta nó ó na Cúirteanna sula dtabharfar comhairle níos cinnití.